



Suirbhéir Costas/Suirbhéir Cainníochta, Aonad Soláthair

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíís na Gníomhaireachta pobail inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cuirimid an soláthar tithíochta chun cinn chun freastal ar riachtanais agus ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí bheith mar lárionad saineolais maidir le tithíocht, trí thacú le beartas tithíochta a fhorbairt agus cláir tithíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe eile.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Réadmhaoine do Thithíocht Shóisialta a Fhoinsiú agus a Fháil
- Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa
- Comhairle Beartais
- Leasúchán Piríte
- Seirbhísí Soláthair Tithíochta
- Forbairt agus Bainistíocht Talún
- Tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla
- An Scéim Morgáiste go Cíos
- Taighde agus Anailís
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Frithghealladh Iasachtaí
- Oiliúint agus Eolas i ndáil le Cleachtóirí Tithíochta
- An Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar an nGníomhaireacht Tithíochta ag www.housingagency.ie.

Tá iarratais á lorg anois ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun folúntas do Shuirbhéir Costas/Suirbhéir Cainníochta a líonadh ar an bhFoireann Soláthair.

Príomhdhualgais

- Tacú le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí ceadaithe tithíochta (AHBanna) tithíocht a chur ar fáil ar na bealaí is éifeachtaí, lena n-áirítear comhairle a thabhairt ar shocruithe conarthacha traidisiúnta, dearadh an fhostóra, conarthaí deartha agus tógála, conarthaí oibre, forbairtí turn-key, comhaontuithe forbartha agus comhfhiontair agus mar sin de.

- Comhairle soláthair a chur ar fáil i ndáil le comhairleoirí a cheapadh agus rannpháirtíocht chonraitheoirí oibre d'údaráis áitiúla agus AHBanna.
- Cúnamh agus tacaíocht i ndáil le suirbhéireacht cainníochta/costas a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'AHBanna chun achoimrí tionscadal a fhorbairt
- Cuidiú le tionscadail a bheidh sannta ag an nGníomhaireacht Tithíochta a bhainistiú, lena n-áirítear tithíocht nua, tionscadail athchóiriúcháin agus forbairtí bainteacha
- Cúnamh a thabhairt dul i mbun measúnachtaí féideartha, agus freagracht ach go háirithe as breithmheasanna caipitil agus meastacháin buiséid
- A bheith rannpháirteach ina bhall d'fhoirne teicniúla agus ildisciplíneacha
- Cúnamh a thabhairt meastacháin buiséid, meastacháin ar chostais agus pleananna costas a ullmhú
- Cúnamh a thabhairt cáipéisí soláthair a ullmhú
- Dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, gníomhaireachtaí stáit, DHLGH agus eagraíochtaí eile
- Úsáid a bhaint as scileanna teicniúla atá oiriúnach don phost maidir leis an obair a shanntar

Dualgais eile a d'fhéadfadh an Príomhoifigeach, an Bhainistíocht Tionscadail agus Soláthair agus an Príomhfheidhmeannach amach ó am go ham.

Oideachas agus Taithí- Riachtanais Riachtanacha:

Ba chóir an méid seo a leanas a bheith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi:

- a) Cáilíocht Leibhéal 8 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i Suirbhéireacht Cainníochta/Eacnamaíocht na Tógála
- b) Taithí cúig bliana ar a laghad a bheith acu ó bhain siad a gcáilíocht amach i bpost suirbhéireachta cainníochta/costas ar thionscadail tógála, go háirithe i réimse an tsoláthair, tuairisciú tairisceana, meastacháin, riaradh conarthaí agus rialaithe costais le linn tionscadail tógála tithíochta agus árasáin
- c) Tá ballraíocht chairte sa SCS / RICS inmhianta

Inniúlachtaí

- **Obair Foirne** – Cothaíonn caidrimh dhearfacha oibre le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara
- **Scileanna Cumarsáide agus Scríbhneoireachta Tuarascála** – Déanann rannpháirtíocht éifeachtach le réimse páirtithe leasmhara agus ábalta stíl na cumarsáide a chur in oiriúint do riachtanais gach cáis agus lucht spéise, ábalta eolas a chur i láthair go soiléir, go beach agus le muinín nuair atáthar ag labhairt agus ina chuid scríbhneoireachta
- **Torthaí a Sheachadadh** - An obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta de réir tábhachta, scálaí ama agus srianta eile ar acmhainní agus an t-ord tosaíochta sin a chur in oiriúint do chúinsí a bhíonn ag athrú.

- **Pleanáil Straitéiseach** – Saineolas teicniúil ábhartha a chur i bhfeidhm i ndáil le réimse féidearthachtaí agus déanann measúnú iomlán ar na himpleachtaí a bheidh ag cinní agus gníomhartha reatha ar chúrsaí amach anseo
- **Sainscileanna** – Eolas ar gheilleagair na tógála, bainistiú tionscadal agus cúrsaí tógála chomh maith le taithí ar soláthar, eolas ar réimse comhaontuithe forbartha agus socruithe conarthacha, agus na scileanna cuí TE a bheith aige

Scála Tuarastail – Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach Scála LA

€66,992 – €69,048 – €70,030 – €72,031 – €74,039 – €76,038 – €78,054

LSI 1 €80,585

LSI 2 €83,110

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála de réir bheartas an rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar fónamh tú díreach roimh an gceapachán.

12.00 meán lae Dé Máirt an 2 Márta 2021 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais

Nós Imeachta Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ba cheart na hiarratais a bheith clóscríofa agus a chur ar aghaidh i bhfoirm PDF ar ríomhphost chuig recruitment@housingagency.ie
- Ní mór d'iarratasóirí a leanas a chur ar fáil:
 - a. Litir chumhdaigh ina bhfuil cur síos ar a n-oiriúnacht don phost
 - b. foirm iarratais Gníomhaireachta Tithíochta chomhlánaithe
- Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear
- Ní dhéanfar iarratais neamhiomlána a mheas don ghearrliosta
- Ní ghlacfar le hiarratais in imthosca ar bith tar éis an spriocdháta
- Dícháileofar iarratas go huathoibríoch má dhéanann an t-iarratasóir canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil thar ceann an iarratasóra

Féadfaidh an Ghníomhaireacht, dá lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe seo sa chás nach nglacann an duine a moladh don cheapachán an post nó, sa chás go nglacann an duine leis an bpost, go scarann sé/sí leis nó sa chás go dtagann folúntas eile chun cinn.